


## Seomra na Gaeilge | Irish Language Room





- Spás sóisialta do chainteoirí Gaeilge.
- Ar oscailt i rith an téarma acadúil: Luan go hAoine, 9.00am-4.30pm.
- Nuachtáin, leabhair, foilseacháin, cluichí boird i nGaeilge le fáil ann.
- Suíomh le haghaidh imeachtaí Gaeilge.
- Ciorcal comhrá gach Máirt leis an gCumann Gaelach ó 6.30pm.
- Anraith & arán – lón saor in aisce leis an gCumann Gaelach gach Céadaoin ag 1pm.

**Treoracha**

1) Lean na comharthaí ó lasmuigh den Bhutrach go cúl an fhoirgnimh.
2) Téigh isteach tríd an cúldoras agus suas go barr an staighre go dtí an dara hurlár.

**Tae agus caife ar 20c!**



### **Blánaid Ní Chearnaigh** Reachtaire, An Cumann Gaelach

Dia dhaoibh a chairde!

Ba mhaith liom fáilte ó chroí a chur romhaibh go Coláiste na Tríonóide agus ár bpobal gaelach. Is mise Blánaid Ní Chearnaigh agus beidh mé mar Reachtaire agaibh i mbliana.

Tá an Cumann Gaelach ar cheann de na cumainn is mó agus is sine ar champas. Bunaithe in 1907, is í an phríomhaidhm atá againn ná ár dteanga bhinn náisiúnta agus ár gcultúr saibhir a chaomhnú agus a chur chun cinn anseo sa Choláiste.

Tá ár bpobal láidir agus beo agus mar Chumann, déanann muid ár seacht ndícheall réimse leathan imeachtaí a chur ar siúl chun an aidhm seo a bhaint amach. Trí chiorcail chomhrá, díospóireachtaí, drámaíocht, scríbhneoireacht agus ana chuid craic, ní bheidh sibh gann ó thaobh na Gaeilge linn.

Más rud é go bhfuil Gaeilge líofa agat nó fiú cúpla focal, geallaim daoibh go mbeidh athbheochan tagtha ar bhur gcuid Gaeilge agus sibh gníomhach linn.

Tá an Ghaeilge ag dul ó neart go neart, tapaigh an deis agus tar linn ar thuras s'aici.

**www.cumann.ie**
**FB: @CumannGaelachTCD**
**Twitter: @CumannGaelach**

@GaeloifigTCD
@CumannGaelachTCD

@GaeloifigTCD
@CumannGaelach

@GaeloifigTCD
@CumannGaelachTCD

www.tcd.ie/gaeloifig
www.cumann.ie

## Aontas na Mac Léinn | Students' Union



### **Muireann Nic Corcráin** Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn

Bhuel, a chairde, cén chaoi a bhfuil sibh?

Céad míle fáilte dóibh siúd atá ag tosú amach i gColáiste na Tríonóide, tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as bhur gcuid ama anseo.

Is mise Muireann Nic Corcráin agus is é an phost atá agam ná Oifigeach na Gaeilge in Aontas Mac Léinn Choláiste na Tríonóide (TCDSU). Is as Loch Garman mé, tá grá agam don Ghaeilge agus don chamógaíocht, agus sútha talún Loch Garman dar ndóigh!

Is éard atá i gceist le mo phost ná go ndéanaim ionadaíocht ar phobal na Gaeilge ag cruinnithe Chomhairle agus Fhoram an Aontais. Beidh mé ag déanamh go leor oibre leis an gCumann Gaelach agus le hOifig na Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an choláiste.

Beidh mé ag comhoibriú leis an gCumann agus le hOifig na Gaeilge chun Éigse na Tríonóide a eagrú ach go háirithe. Seachtain iontach Gaelach í Seachtain na hÉigse ina mbímid ag ceiliúradh ár gcultúr agus saibhreas teanga i gColáiste na Tríonóide. Beidh ceardlanna, díospóireachtaí grinn, Cúirt Éigse agus réimse leathan imeachtaí eile ar siúl an tseachtain sin! Coinnígí súil amach ar na meáin shóisialta don nuacht faoin Éigse!

Má tá tú ag iarraidh a bheith ar fho-choiste na hÉigse, nó má tá tuairim nó ceist ar bith agat i dtaobh na Gaeilge de, seol ríomhphost chugam ag gaeilge@tcdsu.org, nó seol teachtaireacht chugam ar Twitter ag @ TCDSU_Oifigeach. Táim ag tnúth go mór leis na himeachtaí a bheidh ar siúl i mbliana agus táim ag tnúth go mór le paisean don Ghaeilge a roinnt libh!

Feicfidh mé timpeall sibh!

**gaeilge@tcdsu.org**
**Twitter: @TCDSU_Oifigeach**

## Imeachtaí Gaeilge i gColáiste na Tríonóide | Irish Language Events in Trinity College

***Bí ag faire amach do na himeachtaí seo, i measc iliomad eile, a bheidh ar siúl i mbliana:***

- **An Chéadaoin ag an mButrach** – Ciorcal comhrá gach Céadaoin i mbialann 'An Bhutrach' (Buttery) ó 10.30am – 12.00pm.
- **Ciorcal Comhrá an Chumainn Ghaelaigh** – Gach Dé Máirt, Seomra na Gaeilge, ó 6.30pm
- **Anraith agus Arán** – lón saor in aisce gach Céadaoin, Seomra na Gaeilge, 1.00pm
- **Lón Gaeilge** – lón foirne seachtainiúil, déan teagmháil le gaeloifig@tcd.ie
- **Maidens na Gaeilge** – Comórtas Díospóireachta do thosaitheoirí, Téarma na Féile Michíl 2019
- **Oireachtas na Samhna i gCill Airne** – 30 Deireadh Fómhair-3 Samhain 2019
- **Éigse na Tríonóide** – Féile mhór Ghaeilge Choláiste na Tríonóide, 10-14 Feabhra 2020
- **Seachtain na Gaeilge** – 1-17 Márta 2020
- **An Bál Gaelach** – Téarma na Féile Bríde 2020
- **Gradaim na Gaeilge** – Téarma na Féile Bríde 2020




## An Chéadaoin ag an mButrach | Wednesday at the Buttery

**Ciorcal comhrá ag a mbíonn mic léinn, baill foirne agus muintir an phobail i gcomhluadar a chéile do chomhrá, caife agus craic gach seachtain.**

- **Gach Dé Céadaoin ó 10.30am–12.00pm**
- **Bialann an Bhutrach ar champas**
- **Tae & caife saor in aisce laethanta ar leith**

**Fáilte roimh chách. Bígí linn chun lár na seachtaine a cheiliúradh!**



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

T: 01 896 3652
gaeloifig@tcd.ie
www.tcd.ie/gaeloifig




# TCD AGUS AN GHAEILGE 2019-2020

## TRINITY AND THE IRISH LANGUAGE 2019-2020

## Fáilte an Phropaist | Welcome from the Provost



A chairde,

Cuireann sé an-áthas orm fáilte a chur romhaibh go Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Cuireann an leabhrán seo eolas ar fáil faoi phobal Gaeilge an Choláiste agus faoi na deiseanna iomadúla atá ann chun tú féin a thumadh i saol na Gaeilge agus sa chultúr ar an gcampas.

Baineann stair bhródúil leis an gColáiste i ndáil leis na ceannairí a ghabh tríd agus a bhí gníomhach ar son na Gaeilge. Ina measc bhí William Bedell, iar-Phropast a d'aistrigh an Sean-Tiomna go Gaeilge sa 17ú haois; Dubhghlas de hÍde, iar-mhac léinn, bunaitheoir Chonradh na Gaeilge agus an chéad uachtarán ar Éirinn; agus Máirtín Ó Cadhain, scríbhneoir iomráiteach, iar-Cheann Roinn na Gaeilge agus Comhalta den Choláiste.

Bunaíodh Cathaoir na Gaeilge sa bhliain 1840 agus cuireann Roinn na Gaeilge oiliúint ar mhic léinn i réimse na Luath-Ghaeilge agus na Nua-Ghaeilge sa lá atá inniu ann. Bíonn deiseanna den scoth ar fáil freisin chun teacht ar agus staidéar a dhéanamh ar bhailiúchán ollmhór lámhscríbhinní an Choláiste. Chomh maith leis sin, tá obair cheannródaíoch ar siúl ag an Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide agus iad i mbun forbartha ar theicneolaíocht urlabhra agus teanga don Ghaeilge, lena n-áirítear acmhainní do chainteoirí Gaeilge a bhfuil fadhbanna radhairc nó urlabhra acu.

Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta d'úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a mhéadú sa Choláiste de réir mar atá leagtha amach ina Phlean Straitéiseach, Polasaí Gaeilge agus Scéimeanna Teanga. Oibríonn Oifig na Gaeilge i gcomhar le Coiste na Gaeilge chun maoirseacht a dhéanamh ar na gealltanais seo agus chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn. Ina theannta sin, cuireann sí tacaíocht ar fáil i ndáil le cúrsaí Gaeilge agus eagraíonn réimse gníomhaíochtaí cultúrtha agus sóisialta i rith na bliana.

Bunaíodh An Cumann Gaelach sa bhliain 1907 agus tá sé ar cheann de na cumainn is mó sa Choláiste inniu. Tá aitheantas bainte amach aige ar bhonn náisiúnta as an iliomad gníomhaíochtaí a thairgtear do mhic léinn agus i mbliana bronnadh an gradam don chumann Gaelach is fearr sna hinstitiúidí tríú leibhéal air – don 7ú huair le 8 mbliana anuas, éacht den scoth!

Tá an-tóir ar Scéim Chónaithe Ghaeilge an Choláiste atá lonnaithe ar an gcampas agus i Halla na Tríonóide. Tá an Scéim oscailte do mhic léinn fochéime atá i mbun staidéir ar aon disciplín. Bíonn na hambasadóirí seo an-ghníomhach ar an gcampas agus lasmuigh, agus cuireann siad gníomhaíochtaí sóisialta agus spraíúla ar siúl a fháiltíonn roimh mhic léinn eile isteach i saol na Gaeilge. Is deis iontach a bhíonn sna ranganna Gaeilge a chuirtear ar siúl do phobal an Choláiste triail a bhaint as an teanga nó feabhas a chur ar an gcúpla focal i rith na bliana.

Guím gach rath oraibh sa bhliain romhainn agus molaim daoibh páirt ghníomhach a ghlacadh i saol na Gaeilge agus úsáid a bhaint as na seirbhísí éagsúla atá ar fáil.

Le gach dea-ghuí,
Patrick Prendergast
Provost

A chairde,

I am very pleased to welcome you to Trinity College Dublin. In this booklet, you will find information on the Irish language community in Trinity and on the many opportunities to immerse yourself in the language and culture on campus.

Trinity has a proud history of Irish language activists and leaders such as William Bedell, former Provost who first translated the Old Testament into Irish in the 17th Century; Douglas Hyde, former student, founder of the Gaelic League and the first president of Ireland; and Máirtín Ó Cadhain, prominent writer, former Chair of the Discipline of Irish and a Fellow of Trinity.

The Chair of Irish was founded in 1840 and the Discipline of Irish continues to offer expert teaching in Old and Modern Irish today, providing excellent opportunities to access and study Trinity's vast collection of manuscripts. Separately, the Centre for Language & Communication Studies (CLCS) is carrying out ground-breaking work in developing speech and language technology for Irish, including resources for Irish speakers with sight or speech disabilities.

Trinity is committed to preserving and growing the use of Irish in College as stated in its Strategic Plan, Irish Language Policy and Language Schemes. The Irish Language Office works with the Irish Language Committee to oversee these commitments and ensure services are in place for staff and students. It also provides Irish language support and a range of cultural and educational activities throughout the year.

The student society, An Cumann Gaelach, was founded in 1907 and is one of the largest College societies today. It has been recognised at national level for its activities and offerings to students and was this year awarded the title of the best Irish language society in all third level institutes for the 7th time in 8 years, an astounding feat!

Trinity's Irish Language Residency Scheme, based on campus and in Trinity Hall, is hugely popular and available to undergraduate students of all disciplines. These student ambassadors are very active both on and off campus and provide welcoming, fun and social activities for all College students. Trinity's free Irish classes for students and staff are a great way to sample the language or brush up on your cúpla focal during the year!

I wish you every success in the coming year and encourage you to take an active part in Irish life in College and invite you to make use of the various services provided.

Le gach dea-ghuí,
Patrick Prendergast
Provost

## Oifig na Gaeilge

## Irish Langage Office

A chairde,

Is mise Oifigeach Gaeilge na hollscoile. Bím ag obair chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar champas trí eolas agus trí sheirbhísí Gaeilge a chur ar fáil do bhaill foirne agus do mic léinn araon. I measc na ndualgas atá orm tá ranganna saor in aisce a bhainistiú i rith na bliana, seirbhís aistriúcháin a chur ar fáil don ollscoil, na Scéimeanna Cónaithe a riar, tacaíocht a thabhairt don Chumann Gaelach agus imeachtaí éagsúla a reáchtáil i rith na bliana.

Cuirim comhairle ar fáil freisin maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla agus Scéimeanna Teanga Choláiste na Tríonóide. Gheobhaidh tú eolas ar shaol Gaeilge na hollscoile sa leabhrán seo agus fáiltím romhat a bheith páirteach inti!

Má bhíonn ceist nó cúnamh ag teastáil maidir le cúrsaí Gaeilge, is féidir teagmháil a dhéanamh liom ag na sonraí thíos. Tuilleadh eolais ag www.tcd.ie/gaeloifig.

Welcome to Trinity's Irish Brochure 2019-20. This booklet offers information on services, events and opportunities in relation to the Irish language in Trinity. As the university's Irish Language Officer, I am available to answer queries and provide support in relation to the language.



**Áine Ní Shúilleabháin**
**Oifigeach Gaeilge**

## Sonraí teagmhála Oifig na Gaeilge

## Oifig na Gaeilge contact details

**gaeloifig@tcd.ie | 01 896 3652 | www.tcd.ie/gaeloifig**

**@GaeloifigTCD** **@GaeloifigTCD** **@GaeloifigTCD**

## Coiste na Gaeilge

## Irish Language Committee

Is fochoiste de Bhord na hollscoile é Coiste na Gaeilge a dhéanann maoirseacht ar chúrsaí Gaeilge i gcomhair le hOifig na Gaeilge. Déanann baill an Choiste ionadaíocht ar réimsí éagsúla san ollscoil lena n-áirítear:

- Ball den Bhord
- Oifigeach na Gaeilge
- Rúnaí an Choláiste
- Ionadaí ó Scoil na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha
- Ionadaí na Leabharlainne
- Cláraitheoir na Seomraí
- Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh
- Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn
- Ionadaí Aontas na nIarchéimithe
- Ionadaí na Comhairle
- Ionadaí na nDéan
- Ionadaí ar na trí Dhámh
- Ionadaí ón Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta

## Roinn na Gaeilge

## Discipline of Irish and Celtic Studies

Roinn bheag ach láidir atá i Roinn na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, agus stair láidir taobh thiar di – bunaíodh Cathaoir na Gaeilge in 1840. Tá an fhoireann beag, agus cuireann na mic léinn agus an fhoireann aithne mhaith ar a chéile i gcaitheamh a dtréimhse sa Choláiste. Táimid lonnaithe i mBloc na nEalaíon – déan teagmháil linn am ar bith.

Is féidir gabháil don Luath- nó don Nua-Ghaeilge mar chuid de chúrsa modhnóireachta dhá ábhar, nó mar chuid de chéim aonónóra agus staidéar á dhéanamh ar an Luath- agus an Nua-Ghaeilge le chéile. Tá cúrsaí trasdisciplíneacha ar fáil chomh maith againn. Mar shampla, is féidir tabhairt faoi chúrsa sa Léann Éireannach – cúrsa a dhíríonn don chuid is mó ar an nGaeilge, an Stair agus ar an mBéarla, ach ina ndéantar staidéar ar chultúr, ar thíreolaíocht agus ar shocheolaíocht na hÉireann ar bhonn níos leithne, nó ar chéim san Eolaíocht, Ríomhaireacht agus an Ghaeilge. Agus ar ndóigh is féidir gabháil d'iarchéimeanna taighde freisin sa Roinn.



*Eoin Mac Cárthaigh*

Cuirtear dhá chúrsa ar fáil do mhic léinn eachtrannacha a thagann go Coláiste na Tríonóide – ceann ina ndéantar staidéar ar litríocht agus ar theanga na tíre ar bhonn acadúil, agus cúrsa neamhfhoirmeálta dóibh siúd ar mhaith leo Gaeilge bhunúsach a fhoghlaim agus iad sa tír. Cúrsa oíche is ea é seo, agus bíonn fáilte roimh bhaill foirne eachtrannacha ar an gcúrsa seo freisin. Beidh níos mó ná 'cúpla focal' acu roimh dheireadh na bliana, agus bíonn spraoi ag chuile dhuine sa rang chomh maith.

Idir na cúrsaí seo ar fad, tá thart ar 200 mac léinn sa Roinn – dóthain le spraoi a bheith ag baint le saol an mhic léinn, ach líon sách beag le go mbíonn aithne phearsanta ag na mic léinn agus an fhoireann ar a chéile, agus bíonn an-tacaíocht ann do na mic léinn. An tOllamh Cúnta, Eoin Mac Cárthaigh, atá ina Cheann Roinne.



Cuir tuilleadh aithne orainn féin, ar ár gcuid cúrsaí agus ar ár gcuid foilseachán ag www.tcd.ie/Irish.

**Caoimhe Ní Bhraonáin**
**Oifigeach Feidhmiúcháin**
**Roinn na Gaeilge**
**www.tcd.ie/Irish**

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

## Seirbhísí Gaeilge i gColáiste na Tríonóide

Tá gach eolas ar sheirbhísí Gaeilge na hollscoile le fáil ag **www.tcd.ie/gaeloifig**. Tá sampla de na seirbhísí sin liostaithe thíos:

1. **Ranganna Gaeilge Saor in Aisce** do mhic léinn agus do bhaill foirne.
2. **Seirbhís aistriúcháin** do bhaill foirne na hollscoile - seol r-phost go gaeloifig@tcd.ie.
3. **Scéimeanna Cónaithe Gaeilge** - do mhic léinn fochéime.
4. **Seomra na Gaeilge** - seomra caidrimh do chomhrá agus imeachtaí trí Ghaeilge.
5. **Leabharlanna Berkeley & Hamilton** - gnó trí Ghaeilge ag na príomh-dheasca iasachta ó Luan go hAoine idir 9.00am agus 3.30pm.

## Irish Language Services in Trinity College

Full details of the Irish Language Services in Trinity can be found at **www.tcd.ie/gaeloifig**. These include:

1. **Free Irish classes** for staff and students.
2. **Irish Translation Service** for university staff - email gaeloifig@tcd.ie.
3. **Irish Residency Schemes** - accommodation for Irish-speaking undergraduate students.
4. **Seomra na Gaeilge** - Irish speaking common room for students & staff.
5. **Berkeley & Hamilton Libraries** - Irish language service available at the main lending desks from Mon-Fri between 9.00am and 3.30pm.

## Ranganna Gaeilge & TEG

- Ranganna Gaeilge saor in aisce do mhic léinn agus do bhaill foirne.
- 4 leibhéal: ó ghlantosaitheoirí (A1) go meánleibhéal (B2).
- Béim ar an teanga labhartha.
- Suas le 1 uair in aghaidh na seachtaine thar 6/8 seachtaine.
- Tacaíocht airgeadais le fáil chun cáilíocht TEG a bhaint amach: www.teg.ie.
- Seisiún eolais ag tús théarma na Féile Michíl 2019.

**Seolfar r-phost eolais go baill foirne agus mic léinn na hollscoile ag tús théarma na Féile Michíl 2019.**

### TEG – Teastas Eorpach na Gaeilge
### http://www.teg.ie/

- Teastas le gnóthú ó leibhéil A1 go C2 atá bunaithe ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha.
- Tá ranganna Gaeilge TCD bunaithe ar shiollabas TEG.
- Tá tacaíocht le fáil ó Oifig na Gaeilge d'aon duine ar mian leo caílíocht TEG a bhaint amach – sa scrúdú béil nó sa scrúdú iomlán.
- Tá cúnamh airgeadais le fáil freisin.
- Má tá suim agat scrúdú TEG a dhéanamh, labhair le hOifig na Gaeilge ag gaeloifig@tcd.ie.

## Irish Classes & TEG

- Free Irish classes for staff and students.
- 4 levels: from beginners (A1) to intermediate (B2) level.
- Emphasis on spoken Irish.
- Up to 1 hour per week over 6/8 weeks
- Financial support provided to obtain a TEG qualification www.teg.ie.
- Information session at the beginning of Michaelmas term 2019.

**An information email will be sent to all staff and students at the beginning of Michaelmas term 2019.**

### TEG – European Certificate in Irish
### http://www.teg.ie/

- A Certificate can be obtained from levels A1 to C2 based on the Common European Framework of Reference for Languages.
- Trinity's Irish classes are based on the TEG syllabus.
- Oifig na Gaeilge provides support for anyone who wishes to obtain a TEG qualification – in the oral examination or in the entire exam.
- Financial support is also provided.
- If you are interested in completing a TEG exam, contact Oifig na Gaeilge at gaeloifig@tcd.ie.




Pop-Up Gaeltacht sa Bhutrach le Peadar Ó Caomhánaigh agus Osgur Ó Ciardha - tá níos mó eolais ar an gciorcal comhrá seachtainiúil ag deireadh an leabhráin seo.

## Scéimeanna Cónaithe Gaeilge

- Lóistín lán-Ghaeilge do mhic léinn fochéime ó bhliain 1 go bliain 4.
- Seomraí ar an gcampas agus i Halla na Tríonóide.
- An Ghaeilge á labhairt go laethúil san árasán.
- Rannpháirtíocht in imeachtaí Gaelacha i rith na bliana.
- Deontas €1,000 an duine ar fáil.

## Irish Language Residency Scheme

*Fógrófar an próiseas iarratais do Scéim an Champais/Dhartraí (2020/21) i mí Feabhra/Márta 2020. Beidh aon mhac léinn a bheidh i mbliain 2, 3 nó 4 i mí Mheán Fómhair 2020 incháilithe.

Gach eolas ar **www.tcd.ie/gaeloifig/sceim-chonaithe**

## Seirbhís Gairmeacha Choláiste na Tríonóide

## Trinity Careers Service

Tá teacht agat ar Chomhairleoirí Gairme a thabharfaidh eolas, tacaíocht agus treoir duit mar mhac léinn i gColáiste na Tríonóide.

Tá MyCareer, ardán ar líne na Seirbhíse Gairmeacha, le fáil chun:

- Iarratas a dhéanamh ar dheiseanna ar líne.
- Deiseanna taighde agus intéirneachtaí a chuardach.
- Eolas a fháil ar imeachtaí a bhíonn á reáchtáil ag an tSeirbhís Gairmeacha agus ag fostóirí.
- Ceisteanna a sheoladh chuig foireann na Seirbhíse Gairmeacha.
- Coinne a chur in áirithe le Comhairleoir Gairme.

Tá Orlaith Tunney ar fáil chun comhairle a thabhairt maidir le deiseanna gairme le Gaeilge. Tá leabhrán eolais gradireland, Do Ghairm le Gaeilge, ar fáil saor in aisce ar líne agus is acmhainn iontach í chun cuidiú leat post a fháil le Gaeilge.



**Orlaith Tunney**
**www.tcd.ie/Careers**
**Twitter: @TCDCareers**
**FB/ Instagram: @Trinity.Careers.Service**



Thuas: Gradam Ghlór na nGael 2018 á bhronnadh ar choiste an Chumainn Ghaelaigh.

Ar dheis: Ciara Ní Mhurchú agus an duais díospóireachta Maidens á bronnadh uirthi ag Seán Ó Ceallaigh, Glór na nGael, agus James Kirwan, Oifigeach Díospóireachta an Chumainn Ghaelaigh.

TCD Irish Newsletter 2019 (SPREADS).indd 2 04/10/2019 15:48

TCD Irish Newsletter 2019 (SPREADS).indd 3 04/10/2019 15:48